Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Aibreán 2026
(OR. en)

7901/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0135(COD)**

CODEC 584
COPEN 119
JAI 410
DROIPEN 60

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin um chomhrac an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 3 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 82(1)(d), 83(1) agus 83(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 28 Meitheamh 2023[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Deireadh Fómhair 2023[3].

4. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 29 Samhain 2023[4].

[1] 9241/23.
[2] https://www.edps.europa.eu/system/files/2023-06/23-06-28_combating_corruption_en.pdf
[3] IO C, C/2024/886, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/886/oj.
[4] IO C, C/2024/1048, 9.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1048/oj.

5. An 26 Márta 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[5]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

6. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[6] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 1/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[5] 7632/26.

[6] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.